Comhairle an Aontais Eorpaigh

Lucsamburg, 16 Meitheamh 2026
(OR. en)

9919/26

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0090(BUD)**

BUDGET 23

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad ginearálta 2026: Barrachas ón mbliain airgeadais 2025 a iontráil: An Seasamh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2026 |

## I. RÉAMHRÁ

An 10 Aibreán 2026, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad ginearálta 2026 maidir le buiséadú an bharrachais a eascraíonn ó chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain 2025[1].

Tar éis cur chun feidhme na bliana airgeadais 2025, tá *barrachas* EUR 2 095.24 milliún a eascraíonn ón méid a leanas:

(a) olltoradh deimhneach *sa chuid sin den bhuiséad a bhaineann le hioncam* (+EUR 1 994.49 milliún) mar a leanas:

- Teideal 1 (Acmhainní dílse): +EUR 1 096.85 milliún
- Teideal 2 (Barrachais, iarmhéideanna agus coigeartuithe): + EUR 17.48 milliún
- Teideal 3 (Ioncam riaracháin): + EUR 0.28 milliún

[1] 8132/26.

- Teideal 4 (Ioncam airgeadais, ús mainneachtana agus fíneálacha): + EUR 840.37 milliún

- Teideal 6 (Ioncam, ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a bhaineann le beartais an Aontais): + EUR 39.51 milliún

(b) cur chun feidhme easnamhach ó thaobh chaiteachas an bhuiséid de (-EUR 100.75 milliún), go háirithe:

- leithreasuithe a údaraíodh i mbuiséad 2025 (an Coimisiún agus institiúidí eile): -EUR 111.37 milliún

- leithreasuithe a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin (an Coimisiún agus institiúidí eile): -EUR 137.03 milliún

- athruithe sa ráta malartaithe ar chaiteachas: + EUR 147.64 milliún

Le buiséadú an bharrachais sin, laghdófar dá réir ranníocaíocht fhoriomlán na mBallstát le maoiniú bhuiséad an Aontais in 2026.

## II. CONCLÚID

An 16 Meitheamh 2026, ghlac an Chomhairle an seasamh uaithi maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta do 2026, mar a leagtar amach é san iarscríbhinn theicniúil a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an meabhrán míniúcháin seo.